


## Nuachtlítir na Camóige

Beimid ag tosnú ar ais ar scoil ar an Luan 29 Lúnasa @ 8.50a.m.  
School will re-open on Monday August 29th @ 8.50a.m.

### An Cóineartú.

Bhí an Cóineartú ar siúl ar an 13ú Aibreán 2016. An Céadaoin a bhí ann agus bhí an ghriain ag scoilteadh na gcloch. Bhí go leor ullmhúchán curtha isteach ag an rang ar fad. D'fhoghlaim muid faoi céard a bhí chun tarlú ar an lá. Roghnaigh muid ár nainmneacha Cóineartaithe. Phioc gach duine ainm a bhí tábhachtach ina shaol fhéin. D'éirigh muid go luadh ar maidin an Chóineartú agus fuair muid réidh le haghaidh an lá mór. Ansin, chuaigh muid chuig an Séipéal Mhuire gan Smál don Searmanais. Bhí an Séipéal maisithe go hálainn le ribíní buí. Bhreathnaigh sé go hálainn. Bhí mo chairde ar fad ansin agus bhí siad go hálainn ar fad. Bhí an t-atmaisféar lán le sonas, grá agus naofacht. Bhí an tAthair Pádraig Ó Suilleabhán go hiontach. Bhí an lá do chreidte.

The Confirmation was on the 13<sup>th</sup> April 2016. It was a Wednesday and the sun was splitting the rocks. Rang 6 had a lot of preparation put into their big day. We learned what was going to happen to us on the day, that the Holy Spirit was going to come to us. We chose our Confirmation names. Everyone chose a name that meant something special to them. We woke early on the morning of the Confirmation and got ready. Then we went to the Church of the Immaculate Conception for the ceremony. The Church was decorated beautifully with yellow ribbons. It looked fantastic. My friends were all there and they all looked amazing. The atmosphere was full of joy, love and holiness. An tAthair Pádraig Ó Suilleabhán was fantastic. We had an amazing day. Brannagh Ní Luain de Faoite. Rang 6.



### An Chéad Chomaoineach. Rang a 2

#### An Chéad Comaoineach.

Bhí lá speisialta ag Rang a 2 ar an 28ú Bealtaine 2016. Rinne 30 páiste as Rang a 2 a gCéad Chomaoineach i Séipéal Mhuire Gan Smál. Bhí gach duine ag breathnú go hálainn agus bhí an ghrian ag soilsiú sa spéir. Rinneamar ár gCéad Chomaoineach leis an Rang a 2 eile as Gaelscoil Chluain Dolcáin. Bhí cóisir mór sa Áras ina dhiaidh agus bhí mílseáin, briosaí agus cácaí ann do gach duine. Bhí lá álainn ag gach duine.

#### Our First Holy Communion

Rang a 2 had a very special day on the 28<sup>th</sup> of May 2016. 30 children from Rang a 2 received their First Holy Communion in The Church of the Immaculate Conception. Everyone looked lovely and it was very sunny outside. Rang a 2 from Gaelscoil Chluain Dolcáin also made their First Communion with us. There was a big party in the Áras afterwards for everyone with sweets, biscuits and cakes. Everyone had a great day.

Ava Nic Scanláin



Ar an 21ú Aibreáin 2016 thug Rang 5 agus Rang 6 cuairt ar Scoil Éanna. Scoil teaghlach Mac Piarais a bhí ann agus áit ina mhuin Pádraig Mac Piarais. Chuamar ar thuras timpeall na scoile agus chonaiceamar na seomraí dífríúla a bhí ann agus an ealaín álainn a rinneadh le linn saol Mac Piarais. Bhí bailiúchán thíos staghaire de na rudai stairiúla a bhain le tréimhse na scoile agus saol clann Mac Piarais. Bhuaileamar le Morgan Llywellyn, údar an leabhar Strongbow, a léimear I mbliana. Bhí alán eolas aici faoin scoil agus faoi Pádraig Mac Piarais. Bhaineamar an taithneamh as agus tá siúl agam go mbeidh seans againn dul ar ais arís.

On the 21<sup>st</sup> of April 2016, 5<sup>th</sup> and 6<sup>th</sup> class went on a trip to St. Endas school in Rathfarnham. This was a family run school by the Pearse family where Patrick taught. We were lucky enough to see the many rooms and beautiful art work completed. We were also allowed to view some of the historical pieces that had been collected over the many years of the family's existence. Morgan Llywellyn, author of the 5<sup>th</sup> class novel 'Strongbow' spoke about her knowledge of the Pearse family. A very enjoyable day was had by all.

Alastriona Swan Rang 5 2016

### Tricky Tricksters


#### Rang a hAon

Bhí mé ag tiomáint an bumperbháid agus chuaigh mé ar shleamhnán mór. Bhí na buachaillí ag súgradh peile. Bhí beirt bhuachaillí ag déanamh gleacaíochta freisin. Chuaigh mé ar an zip-líne freisin. D'imir mé an cluiche cispheile. Rinne mé dréimire agus nathair le mo chairde. Bhíomar ag canadh. Bhí mé ag léim ar an bpreab-chaisleán. Is breá liom mo thuras scoile go Tricky Tricksters!

Keeley Ruiséil

On Wednesday the 1st of June we went to Tricky Tricksters. We were singing on the bus. There were loads of things to do there. We played football. The best thing of all were the bumper boats! We had a great time.

Séamus Ó Murchú



### **Rathbeggan Lakes** Ar an 30 Bealtaine chuaigh rang a 3 agus 4 chuig Rathbeggan Lakes, Contae na Mí ar thuras scoile..

Bhí gach duine ar bís! Bhí an-craic againn ar an mbus. Nuair a thuirlingíomar den bhus chonaiceamar daoine ag iascaireacht agus ar siúlóid. Chuireamar na málaí síos agus roinneadh i 3 ghrúpa muid. Rinne an cheád ghrúpa an siúlóid staire an dara ghrúpa zorbing uisce agus chuaigh an triú ghrúpa sna bád eala. Nuair a chuaigh grúpa a 2 agus a 3 ar an siúlóid staire chuaigh grúpa beag ar STRAE leis an múinteoir Donncha. Tháinig siad orainn sa deireadh! I ndiadh an lón bhíomar ag súgradh ar an seacht gcáisleán preabadh a bhí acu agus an ghriobháin bog. Bhí brón ar gach duine nuair a bhí sé in am dul abhaile. Bhí sé ceann do na turas scoile is fearr riamh!

On the 30<sup>th</sup> of May 3<sup>rd</sup> and 4<sup>th</sup> class went to Rathbeggan Lakes, County Meath on our school tour. Everyone was so excited! We had great fun on the bus. When we got off the bus we saw people fishing and walking. We were lucky that the sun was shining. We put our bags aside and were split into 3 groups. The first group did the historical walk, the second did water zorbing and the third group went on the swan boats. When group 2 and 3 went on the historical walk a small group of people got LOST with Múinteoir Donncha. They eventually found us! Following lunch we played on the seven bouncy castles and inflatable maze. Everyone was sad when it was time to go. It was one of the best school tours ever!

**Le Aaron Ó Laocha agus Calum Mac Hoisticín**

## Nuachtlitir na Camóige

Tosaíomar gairdín scoile i mbliana. Seo ceard a rinneamar.  
Cuir Rang 2 péisanna agus Rang 4  
ponairí.  
Cuir Alannah agus Gráinne luibhanna  
d'fíola. Cuir Teagan bláthanna fáine.

We started working on our school garden this year. Rang 2 planted peas and Rang 4 planted beans. Alannah and Gráinne from Rang 2 planted a herb garden. Teagan from Rang 3 planted a wild flower garden.

Alannah agus Gráinne R2.



Zak ó Bráthair  
Naíonáin Bheaga

Lá Spóirt



Ghlac Rang a trí go dtí Rang a sé páirt i dtras tíre agus lúthchleasaíocht i mbliana. Rinneamar traenáil gach Déardaoin. Bhí slua mór ó Rang a trí páirteach ann. Bhíomar ag déanamh rásaí fada agus gearr sa traenáil. Bhí múinteoir Donncha agus múinteoir Olívía i gceannas ar an traenáil agus ag cabhrú linn. Tháinig an craobh agus bhí slua mór ag rith i Seantrabh.



Ritheimar mar 'Usain Bolt. Bhí go leor tuismitheoirí ag na rásaí. Tá gach duine ar bís chun lúthchleasaíocht a dhéanamh arís i rang a ceathair.

Third to sixth class took part in athletics training this year for cross-country and Santry. We trained every Thursday which we thoroughly enjoyed. There was always a big turn out at training. Múinteoir Donncha and Múinteoir Olívía trained and guided us. Then the finals came and there was a really big crowd from the school participating in it. They ran like Usain Bolt. There were a lot of parents at the races. Everybody is so excited and looking forward to do athletics and cross country in fourth class

### Laethanta Saoire 2016-2017

29 Lúnasa Páistí ar ais ar scoil

31 Deir.Fómh. - 4 Samhain Briseadh Meán Téarma

7 Samhain – Ar ais ar scoil

23 Nollaig – Leath Lá - Laethanta Saoire na Nollaig

9 Eanáir – Ar ais ar scoil

23-24 Feabhra Briseadh Meán Téarma

17 –20 Márta Lá Fhéile Pádraig

7 Aibreáin - Leath Lá - Laethanta Saoire

24 Aibreáin – Ar ais ar scoil

1 Bealtaine - Lá Saoire Bainc

1-5 Meitheamh - Briseadh

6 Meitheamh ar ais ar scoil

27 Meitheamh – Leath lá – Laethanta Saoire



## Múinteoirí ranga don bhliain seo chugainn

Naíonáin Shóisir – Sharon Breathnach / Donncha Ó Corcoráin / Sinéad Ní Dhurcáin

Naíonáin Shinsir – Eimear Billings

**Rang a 1** - Clíodhna Esslemont

**Rang a 2** – Sinéad Nic Aonghusa

**Rang a 3** – Ionadaí / Aoife Ní Raghallaigh

**Rang a 4** – Ionadaí / Olivia Ní Fhloinn

**Rang a 5** – Laura Ní Shuilleabháin

**Rang a 6** – Pól Ó Fearraigh

**Múinteoir Tacaíocht Foghlama / Acmhainne** – Sandra Ní Aoláin / Oisín Uibh Eachach  
Lorna Ní Fhaogáin

### FOCAL ÓN BPRÍOMHOIDE

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach éinne a chabhraigh linn sa scoil seo againne i mbliana. Tá go leor leor daoine ann a chabhraíonn linn i rith na bliana agus ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leo siúd as an obair a rinneadar i mbliana ar ár son.

Tá trí mhór-ghrúpa ann a bhíonn ag obair sa scoil: an fhoireann (idir theagasc agus chúnta), an Bord Bainistíochta agus CAIRDE, Coiste na dTuismitheoirí. Déanann siad ar fad an-obair ar son na scoile i ngan fhios do mhórchuid den phobal scoile. An obair seo i ngan fhios is cúis a chuireann leis an phobal scoile iontach atá againn.

D'oibrigh Cairde go dian agus iad ag bailiú airgid i mbliana – an Chonair Chopair, Féilire na Scoile, an Oíche Rásaíochta agus imeachtaí eile nach iad ina measc. Thug tuismitheoirí na scoile an-chuid tacaíochta i mbliana agus d'éirigh linn, leis an airgead a bailíodh, achmhainní agus fearas a cheannach (Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh, an Lá Clainne a reachtáil agus go leor eile). Maith sibh – Ní neart go cur le chéile!

Is ábhar mór groí agam é a chur in iúl daoibh go mbeidh an Múinteoir Caoimhe ar ais linn an bhliain seo chugainn. Beidh mé féin agus an Múinteoir Olivia ar saoire máithreachais agus beidh an Múinteoir Sharon ar ais linn i Mí Mheán Fómhair. Guímid gach rath ar an Múinteoir Jacinta freisin agus í ag tógáil sos gairme don scoilbhliain seo chugainn agus táimid ag tnúth go mór le í a fheiceáil ar ais linn i gceann bliana.

Bhain mé an-thaitneamh as an scoilbhliain agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann, na tuismitheoirí, an Bord Bainistíochta agus na páistí as ucht an chabhair agus an tacaíocht a tugadh dom i mo ról mar Phríomhoide.

Tá súil agam go mbeidh samhradh iontach ag gach éinne agus go gcoinneoidh Dia slán sibh. *As you are all aware it takes a lot of work by many, many people to keep our school going. I would like to thank most sincerely all of those who have helped us throughout the year.*

*I would like to thank especially three groups who work continuously for our school: our staff (both teaching and ancillary), the Board of Management and CAIRDE the Parents' Committee. They do massive work for our school, sometimes in very apparent ways and sometimes in quiet ways which go unnoticed but yet are extremely important. It is this type of selfless teamwork that makes our school community as strong as it is.*

*Cairde worked hard to raise funds throughout the year- Copper Trail, Calendar, Race Night amongst other activities. Parents gave great support and with the money raised we were able to buy much needed equipment and resources, celebrate Seachtain na Gaeilge, Family Day and enjoyed much more. Well done- Many hands make light work!*

*I am delighted to say that Múinteoir Caoimhe will be returning next year. Both Múinteoir Olivia and myself will be on Maternity Leave and Múinteoir Sharon will be returning to us in September. We also wish Múinteoir Jacinta the best in her year career break and we look forward to her return next year.*

*I have thoroughly enjoyed the year and I would like to thank the Board of Management, the teachers, parents and the children for supporting me and helping me in my role as Principal. It was a fantastic experience and I appreciate all the support I received.*

*I wish you all a fabulous summer and God bless you all.*

*Beir Bua, Aoife Ní Raghallaigh, Príomhoide*